Gearr mhairid na mionduasa

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 67]

Aonghus mac Doighri Í Dhálaigh .cc.

1 Gearr mhairid na mionduasa;
mairg dhiúltus dán na bhfileadh;
saoilid daoine diombuana
nách buan clú ar a mbí biseach.

2 Dán na bhfileadh bhfocalghlan,
buaine sin ná na séda;
an té riamh nách romholtar,
ní buan mhairid a sgéla.

3 Truagh nách tuigid triathfhlatha
ris nách áil clú do chosnamh,
nách fuil acht sealbh iasachta
san chrodh nach bí dá bhronnadh.

4 Lucht an oinigh fháithbheartaigh
ré ndáiltí duasa troma,
ní mhair duais dár dháiliodur
’s mairid na duana molta.

5 Cia hoile ’sna tráthuibh-si
do chine Ghoill nó Ghaoidhil,
ó [a] bhfoighthr fiú snáthuide
do chionn duaine nó laoidheadh?

6 Acht a-mháin na mílidh-si,
fuil Raghnuill, róimh na héigsi,
tearc fear acht fear fírinne
dhíobh a ndeaghuidh a chéile.

7 Oighre Fiacha an féinnidh-si,
ós chuige a-tám dá tharruing,
trom dhó a n-oinioch d’énoire,
giodh mó an t-eire ná [a] acfoinn.

8 Mór bhfile fuair neimhéra
ó mhac Fiacha, an fiodh taraidh;
is iad na croinn cheinélta
as mó cnuas do na crannaibh.

9 Guais dó fádh ar gcairde-ne,
cneas seang dá bhfeacuidh féinnidh,
d’eagla íoca an airligthe

rinn a n-aimsir an éigin.

10 Duais mo dhána ramholta
dá gcongbha mac mhic Aodha,
ní dóigh inn dá athmholadh
’s ní mó fhédfom a aoradh.

11 Acht giodh eadh, ní chuirfiod-sa
mo shúil d’oinioch laoich Laighion,
ní as a ttuillfe ar mbuidhiochus
cuirfe am cheann a gcrích Maisdion.

12 Ní bu móide a mhídheithfir,
breith [a] bhuadha a mbeirn gaisgidh
sealbh oighriochta an fhíreinigh
do bheith d’áiridhe aige.